2025/1307

9.7.2025

MOLADH (AE) 2025/1307 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Iúil 2025

maidir le dreasachtaí cánach chun tacú leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus i bhfianaise an Chreata Státchabhrach i ndáil leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an Teachtaireacht maidir le Compás Iomaíochais ([1]), ina liostaítear gníomhaíochtaí tosaíochta chun an dinimiceas eacnamaíoch a athbheochan san Eoraip. Leagtar amach inti na trí riachtanas chlaochlaitheacha chun an t-iomaíochas a neartú: (1) an bhearna nuálaíochta a dhúnadh; (2) treochlár comhpháirteach don dícharbónú agus don iomaíochas agus (3) spleáchais iomarcacha a laghdú agus cur leis an tslándáil.

(2) An 26 Feabhra 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an Teachtaireacht i ndáil leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan ([2]). Cuirtear i láthair sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan an cás gnó le haghaidh dícharbónú mar fhoinse fáis agus rathúnais. Agus é ag tógáil ar an gCompás Iomaíochais agus ar a cholún dícharbónaithe, cuireann an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan treochlár comhpháirteach ar fáil le haghaidh an dícharbónaithe agus an iomaíochais. Deimhnítear leis tiomantas an Aontais dá spriocanna aeráide trí dhreasachtaí soiléire gnó a chur ar fáil don tionscal chun dícharbónú a dhéanamh laistigh den Eoraip, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chleachtais an gheilleagair chiorclaigh, agus, ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar iomaíochas an Aontais. Dá bhrí sin, is é cuspóir an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan an ghníomhaíocht ar son na haeráide agus an t-iomaíochas a thabhairt le chéile – agus iad a chothú – faoi straitéis uileghabhálach fáis amháin, agus athléimneacht an Aontais á treisiú an tráth céanna freisin. Dírítear leis (1) ar thionscail dianfhuinnimh a dteastaíonn tacaíocht phráinneach uathu chun dícharbónú, chun leictriú, chun cur leis an gciorclaíocht, agus chun aghaidh a thabhairt ar chostais arda fuinnimh, ar iomaíocht dhomhanda éagórach agus ar rialacháin chasta, ar rudaí iad uile a chuireann teorainn lena n-iomaíochas; agus (2) ar earnáil na teicneolaíochta glaine, a bheidh i gcroílár an iomaíochais amach anseo agus atá riachtanach don chlaochlú tionsclaíoch, don dícharbónú agus do chur chun cinn an gheilleagair chiorclaigh.

(3) Tá sé ríthábhachtach acmhainní a shlógadh chun infheistíocht phríobháideach a spreagadh chun dlús a chur le rolladh amach an fhuinnimh in-athnuaite agus chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Ní mór don Aontas a infheistíochtaí bliantúla san fhuinneamh, sa nuálaíocht thionsclaíoch agus san uas-scálú tionsclaíoch agus sa chóras iompair a mhéadú faoi thart ar EUR 480 billiún i gcomparáid leis na 10 mbliana roimhe seo ([3]). I ndáil leis an méid sin, tá sé tábhachtach go socrófaí le gnéithe de chórais cánach corparáide na mBallstát a mbíonn tionchar acu ar chinntí infheistíochta príobháidí comharthaí praghais a thacaíonn le cás gnó ghlain agus nach mbaintear an bonn leo de bheartais dícharbónaithe eile.

(4) Le dreasachtaí cánach is féidir freastal ar chuspóirí ginearálta infheistíochta agus fáis nó díriú ar chuspóirí sonracha, mar shampla chun tacú le glacadh teicneolaíochtaí glana nua nó chun infheistíochtaí sa dícharbónú tionsclaíoch a dhreasú. Dá bhrí sin, is féidir leo cuideachtaí a spreagadh le hinfheistíocht a dhéanamh i sócmhainní agus i dteicneolaíochtaí glana atá straitéiseach don aistriú i dtreo geilleagar dícharbónaithe ciorclach.

(5) Fógraíodh sa Teachtaireacht i ndáil leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan go molfadh an Coimisiún do na Ballstáit bearta cánach iomchuí chun tacú le hinfheistíocht ghlan, lena n-áirítear tréimhsí dímheasa níos giorra le haghaidh sócmhainní teicneolaíochta glaine agus úsáid creidmheasanna cánach le haghaidh gnólachtaí in earnálacha straitéiseacha le haghaidh an aistrithe ghlain.

(6) Leis an gCreat Státchabhrach nua i ndáil leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan ('CSCTG') ([4]), táthar in ann Státchabhair riachtanach chomhréireach a thabhairt isteach lena ndéantar infheistíocht phríobháideach a phlódú isteach. Ós rud é go bhféadfadh baint a bheith aige sin le bearta cánach freisin, nuair a bhaineann bearta a leagtar amach sa Mholadh seo le Státchabhair meabhraítear do na Ballstáit go soláthraíonn CSCTG na rialacha comhoiriúnachta ábhartha. Dá bhrí sin, i gcásanna den sórt sin, ní mór an Moladh a léamh in éineacht le CSCTG.

([1]) COM (2025) 30 final.
([2]) COM (2025) 85 final.
([3]) SWD (2023) 68 final – Idir 2021 agus 2030.
([4]) C(2025) 7600 final; Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gCreat um bearta Státchabhrach chun tacú leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan (Creat Státchabhrach an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan) an 25 Meitheamh 2025.

(7) Maidir le cás gnó a thógáil le haghaidh táirgí dícharbónaithe, braitheann sé ar roinnt tosca. Ba cheart breathnú ar dhreasachtaí cánach mar ghné amháin de mheascán beartais atá ag teacht chun cinn lena n-áirítear freisin bearta trasearnálacha amhail praghsáil carbóin agus cánachas fuinnimh, chomh maith le bearta nithiúla ar thaobh an éilimh. Ní dhéanfaidh gnólachtaí na hinfheistíochtaí is gá ach amháin má tá siad cinnte go bhfuil margadh ann dá gcuid táirgí. I bhfianaise leibhéal athraitheach na hullmhachta teicneolaíche agus, dá bhrí sin, an chostais a bhaineann le táirgí ar leith, ba cheart dreasachtaí cánach, méid an fhaoisimh a thugann siad agus raon feidhme na sócmhainní incháilithe a bheith faoi réir athbhreithniú rialta, chomh maith leis an gcreat Státchabhrach a urramú i gcás inarb infheidhme. Ba cheart a chur san áireamh sa phróiseas athbhreithnithe sin a inmhianaithe atá sé do ghnólachtaí cobhsaíocht agus intuarthacht a bheith acu sna rialacha maidir le dímheas a bhfuil feidhm acu maidir lena n-infheistíochtaí agus lena sócmhainní.

(8) Tá ábhar an Mholta seo bunaithe ar chomhairliúcháin spriocdhírithe leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara ó earnálacha sonracha atá tábhachtach chun cuspóirí an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan a bhaint amach. Tá sé bunaithe freisin ar fhreagraí ar an gcomhairliúchán poiblí a rinneadh le haghaidh CSCTG, inar áiríodh aiseolas ar na dreasachtaí cánach a leagtar amach sa Mholadh seo ([5]).

(9) Leagtar amach sa Mholadh seo treoirphrionsabail choiteanna chun treoir a thabhairt do na Ballstáit agus dreasachtaí cánach á dtabhairt isteach acu chun rannchuidiú le cuspóirí an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan, ag díriú go príomha ar roghanna beartais atá nasctha le cáin chorparáide. Ní hionann an tacaíocht chun teicneolaíochtaí glana agus dícharbónú tionsclaíoch a chur in úsáid ó Bhallstát go chéile. Chun cothrom iomaíochta a áirithiú idir cuideachtaí ar fud an mhargaidh inmheánaigh agus chun cur le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart treoirphrionsabail choiteanna a leanúint a mhéid is féidir le dreasachtaí cánach.

(10) Tá sonraí raon feidhme, chineál agus dhearadh na ndreasachtaí cánach a mholtar a úsáid sa Mholadh faoi bhun na bprionsabal gur cheart dreasachtaí cánach a bheith costéifeachtach, spriocdhírithe go maith agus simplí lena dtuiscint agus lena n-úsáid ag cuideachtaí agus riaracháin, agus ba cheart tacaíocht áirithe thráthúil a sholáthar leo do ghnólachtaí a dhéanann cinntí maidir le hinfheistíocht ghlan. Déantar éifeacht na ndreasachtaí cánach a uasmhéadú i gcás inar féidir le cuideachtaí a dhéanann cinntí maidir le hinfheistíochtaí glana a bheith muiníneach go bhfaighidh siad luach iomlán na dreasachta atá i bhfeidhm i mBallstát agus go bhfaighidh siad na tairbhí go luath tar éis an infheistíocht a dhéanamh. Dá bhrí sin, moltar sa Mholadh úsáid a bhaint as dímheas cánach brostaithe agus as rialacha maidir le caillteanas a thabhairt ar aghaidh le haghaidh infheistíochtaí glana. Moltar ann freisin, i gcás inarb indéanta laistigh de chóras cánach náisiúnta, go bhféachfadh na Ballstáit le creidmheasanna cánach a dhéanamh in-aisíoctha agus/nó lena bhfritháireamh in aghaidh réimse níos leithne cánacha ná cáin chorparáide.

(11) Is iondúil go léiríonn fianaise eimpíreach go bhfuil dreasachtaí cánach atá bunaithe ar chaiteachas ina modh níos costéifeachtaí chun infheistíocht bhreise a ghiniúint ná dreasachtaí cánach bunaithe ar ioncam amhail rátaí laghdaithe cánach corparáide nó boscaí paitinne. Is féidir dreasachtaí cánach bunaithe ar chaiteachas a asbhaint ón mbonn cánach, amhail dímheas luathaithe, nó ón gcáin atá dlite, amhail creidmheasanna cánach. Dírítear sa Mholadh seo ar dhreasachtaí cánach atá bunaithe ar chaiteachas.

(12) Is féidir dreasachtaí cánach a asbhaintear ón mbonn cánach a bheith i bhfoirm dímheas luathaithe, rud a d'fhéadfadh éifeachtaí dearfacha móra a bheith aige ar infheistíocht tháirgiúil. Tá rialacha maidir le dímheas ina ngné bhunúsach d'fhormhór na gcóras cánach corparáide agus bíonn tionchar substaintiúil acu ar an mbonn cánach. Le rialacha maidir le dímheas cánach níos moille, laghdaítear fíorluach na hasbhainte cánach le haghaidh infheistíochta do chuideachtaí, mar gheall ar bhoilsciú agus ar chostas caipitil na cuideachta. Le dímheas luathaithe, is féidir costais dímheasa níos airde a aithint chun críoch cánach le linn na mblianta roimhe sin i saolré sócmhainne. Dá bhrí sin, feidhmíonn sé mar iarchur cánach seachas mar laghdú ar an méid cánach atá dlite ar deireadh.

(13) Tá cur leis na costais láithreach ar cheann de na cineálacha dímheasa luathaithe is fabhraí do cháiníocóirí, trína bhfuil an cáiníocóir i dteideal an méid iomlán is féidir a dhímheas a aithint mar asbhaint chun críoch cánachais sa bhliain chánach ina ndéantar an infheistíocht. Laghdaíonn sé sin bonn inchánach na cuideachta i mbliain chánach na hinfheistíochta, rud a fhágann go mbíonn dliteanas cánach níos ísle ann agus go scaoiltear cistí le haghaidh infheistíochtaí féideartha. Dá bhrí sin, le rialacha maidir le cur leis na costais láithreach agus dímheas cánach luathaithe soláthraítear buntáiste sreafa airgid do chuideachtaí, chomh maith le tionchar diúltach na cánach corparáide ar na cinntí infheistíochta dá ndéantar difear a laghdú nó a bhaint.

([5]) Féach anseo: https://competition-policy.ec.europa.eu/public-consultations/2025-cisaf_ga.

(14) Ligeann dímheas ‘lánroghnach’ nó ‘solúbtha’ do chuideachtaí na sócmhainní a dhímheas ag am atá áisiúil dóibh, mar shampla chun cur leis na costais láithreach a chur siar mura bhfuil ioncam inchánach leordhóthanach acu chun leas iomlán a bhaint as i mbliain ar leith.

(15) Is creidmheasanna cánach iad dreasachtaí cánach is féidir a fhritháireamh in aghaidh an mhéid cánach atá dlite ar deireadh. Le creidmheasanna cánach bunaithe ar chaiteachas, ríomhtar méid an chreidmheasa i ndáil leis an bhfíorchaiteachas agus an infheistíocht ábhartha á déanamh. Feidhmíonn creidmheasanna cánach go príomha laistigh den chóras cánach corparáide. Braitheann éifeachtacht agus éifeachtúlacht creidmheasanna cánach maidir le hinfheistíocht tháirgiúil bhreise a spreagadh ar roghanna deartha, lena n-áirítear méid an fhaoisimh agus na solúbthachta a chuirtear ar fáil, chomh maith leis an gcomhthéacs eacnamaíoch ina dtugtar isteach iad. D’fhéadfadh éifeacht atá cosúil le deontais a bheith ag roinnt creidmheasanna cánach, agus sa chás sin ba cheart do na Ballstáit breithniú cúramach a dhéanamh an bhfuil creidmheasanna cánach nó deontais ar an gcineál tacaíochta infheistíochta is iomchuí le húsáid agus cén comhthéacs inar cheart iad a úsáid.

(16) Féadfaidh roinnt cáiníocóirí caillteanas nó brabúis inchánach bheaga a dhéanamh sa bhliain ina ndéantar an infheistíocht, nó i gcuid de na blianta ina diaidh. Sa chás sin, d’fhéadfadh sé nach mbeadh cáiníocóirí in ann tairbhe iomlán a bhaint ar dtús as cur leis na costais láithreach nó soláthairtí dímheasa luathaithe, nó luach creidmheasa cánach a fhritháireamh, mar gheall ar dhliteanas cánach corparáide neamhleor sa bhliain ábhartha. Chun go mbeidh na cáiníocóirí uile in ann tairbhe iomlán chomhionann a bhaint as an mbeartas dreasachta cánach, moltar do na Ballstáit forálacha flaithiúla a chur chun feidhme lena gceadófar do chuideachtaí caillteanais agus creidmheasanna cánach neamhúsáidte a thabhairt ar aghaidh ar feadh 4 bliana. Moltar do na Ballstáit freisin scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht solúbthacht a cheadú do chuideachtaí codán nó méid iomlán na hinfheistíochta a asbhaint mar dhímheas chun críoch cánach sa 1ú bliain chánach nó in aon bhliain chánach ina diaidh. I gcás ina bhfuil sé indéanta laistigh dá gcóras náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar chead a thabhairt do chuideachtaí creidmheasanna cánach a fhritháireamh in aghaidh raon níos leithne cánacha. Thairis sin, moltar do na Ballstáit féachaint an bhféadfaí foráil a dhéanamh maidir le hin-aisíocthacht méideanna ar bith creidmheasanna cánach nach n-úsáidtear tar éis 4 bliana.

(17) An 5 Márta 2025 d’fhoilsigh an Coimisiún an Teachtaireacht maidir leis an bPlean Gníomhaíochta le haghaidh Mótarfheithiclí ([6]) agus an Teachtaireacht chun Flíteanna Corparáideacha a Dhícharbónú ([7]). D’fhógair sé freisin tionscnamh reachtach chun Flíteanna Corparáideacha a Dhícharbónú faoi dheireadh 2025, Moladh maidir le dreasachtaí fioscacha agus neamhfhioscacha ar thaobh an éilimh le haghaidh 2026, agus Plean Infheistíochta um Iompar Inbhuanaithe. Tá sé ríthábhachtach ní hamháin go ndéanfaidh tionscal gluaisteán na hEorpa a bhealach tríd an aistriú chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha ach go múnlóidh sé é an t-aistriú sin freisin. Trí dhlús a chur, go háirithe, le glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha i bhflíteanna corparáideacha, is féidir dul chun tairbhe do thionscal gluaisteán na hEorpa agus cuidiú le cur lena iomaíochas agus lena athléimneacht. Go ginearálta, i gcás gluaisteáin chuideachta, is príomhthoisc í an chóireáil fhioscach chun rogha na bhfeithiclí a chinneadh. Dá bhrí sin, is deis mhór iad na bearta fioscacha, amhail na dreasachtaí cánach agus na prionsabail a leagtar amach sa Mholadh seo, chun dlús a chur leis an aistriú chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha.

(18) Tá nósanna imeachta riaracháin simplí tapa éifeachtúla tábhachtach chun cur le glacadh dreasachtaí cánach agus chun a áirithiú go gcuirfidh cuideachtaí san áireamh go hiomlán an tairbhe a sholáthróidh siad agus a gcinneadh infheistíochta á dhéanamh acu. Moltar do na Ballstáit, dá bhrí sin, na hualaí riaracháin a bhaineann le húsáid dreasachtaí cánach a choinneáil chomh híseal agus is féidir, agus iad a dhearadh ar bhealach lena bhfionnfar go mbeidh cuideachtaí in ann leas a bhaint as luach iomlán na dreasachta ar bhealach tráthúil. Mar a chuirtear i dtábhacht sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, i gcás tionscail dianfhuinnimh agus teicneolaíochtaí glana araon, tá sé tábhachtach gur féidir linn teicneolaíochtaí na todhchaí a tháirgeadh san Aontas.

(19) Cé go gcuirfidh an Gníomh um an Tionscal Glan-Nialasachta le hiomaíochas na hearnála teicneolaíochta glan-nialasachta, go meallfaidh sé infheistíochtaí agus go gcuirfidh sé feabhas ar rochtain ar an margadh le haghaidh teicneolaíocht ghlan san Aontas, d’fhéadfadh sé go mbeadh gá le tacaíocht bhreise ag infheistíochtaí áirithe teicneolaíochta glaine chun a áirithiú go gcuirfear leis an acmhainneacht san Aontas. D’fhágfadh sé sin go bhféadfaí dlús a chur leis an aistriú glan-nialasachta agus cur le hathléimneacht na hEorpa sa réimse sin, go háirithe d’fhonn slabhra luacha na hEorpa sa teicneolaíocht ghlan a neartú, rud a chuirfeadh leis an tagarmharc 40 % a leagtar síos leis an nGníomh um an Tionscal Glan-Nialasachta. Sa bhreis ar na ceisteanna athléimneachta thuas, moltar do na Ballstáit cuspóirí beartais shóisialta a mheas chun na hathruithe a eascraíonn as an aistriú chuig geilleagar glan-nialasach a réamh-mheas agus torthaí cothroma mhargadh an tsaothair a chur chun cinn amhail pá cothrom, dálaí oibre cuibhiúla, oiliúint, agus aistrithe córa fostaíochta. Rannchuideoidh sé sin le poist ardcháilíochta a chruthú agus lena marthanacht chomh maith leis na cuspóirí glan-nialasacha.

([6]) COM (2025) 95 final.

([7]) COM (2025) 96 final. Níl aon sainmhíniú i reachtaíocht an Aontais faoi láthair ar a bhfuil i gceist le flít corparáideach. Chun críoch na Teachtaireachta seo, meastar gur feithiclí corparáideacha iad na feithiclí uile atá cláraithe ag eintiteas dlíthiúil (seachas duine fisiceach). Cé is moite d’otharcharranna, trucailí dóiteáin, etc., inter alia.

(20) D'fhéadfadh sé go mbeadh ar roinnt Ballstát freastal ar na costais fhioscacha shealadacha nó bhuana a bhaineann le dreasachtaí cánach a úsáid chun infheistíocht ghlan a spreagadh. Sa chás sin, bíonn rogha ar fáil do na Ballstáit féachaint ar na féidearthachtaí maidir le bearnaí cánach a laghdú. D'fhéadfaí a áireamh leis sin measúnú costais is tairbhe a dhéanamh ar chaiteachas cánach atá ann cheana, go háirithe é siúd a d'fhéadfadh gan bheith costéifeachtach, a d'fhéadfadh ídiú breosla iontaise a spreagadh agus/nó a d'fhéadfadh dreasachtaí a shocrú nach mbeadh ailínithe le cuspóirí an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) (An Dlí Aeráide Eorpach). Chun comhleanúnachas agus éifeachtacht an mheascáin beartas a áirithiú, tá sé ríthábhachtach dreasachtaí cánach le haghaidh infheistíocht ghlan a chomhcheangal de bheartais eile a leanann de chomharthaí praghais cuí a sholáthar do ghníomhaíochtaí a bhfuil seachtrachtaí diúltacha comhshaoil acu, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí dheireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breosla iontaise. Is féidir le hiarrachtaí chun feabhas a chur ar chomhlíonadh cánach rannchuidiú freisin le costas na tacaíochta d'infheistíocht ghlan a fhritháireamh, agus an meascán cánach foriomlán á dhéanamh níos fabhraí don infheistíocht agus don fhás.

(21) Mar chuid den chomhordú beartas atá beartaithe faoin gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi bhearta náisiúnta arna ndéanamh chun an Moladh seo a chur chun feidhme agus faoina n-úsáid iarbhír ag cáiníocóirí. Tá sé tábhachtach meastóireacht a dhéanamh go tráthrialta ar éifeachtacht dreasachtaí cánach. I gcás inarb ábhartha, is féidir próisis agus fóraim de chuid an Aontais atá ann cheana, lena n-áirítear an Grúpa Saineolaithe um Struchtúir na gCóras Cánach nó Meitheal IV, a úsáid freisin chun tacú leis an bhfaireachán ar chur chun feidhme an Mholta agus chun dea-chleachtais a mhalartú, agus úsáid á baint freisin as réitigh dhigiteacha chun cur leis an trédhearcacht agus leis an éifeachtúlacht. Cuirfidh na céimeanna sin ar a chumas don Choimisiún freisin tuairisciú go tráthrialta ar bhearta na mBallstát chun an Moladh a chur chun feidhme, lena n-áirítear nuair a bheidh dlúthfhaireachán á dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh faoin gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan i dtaobh dícharbónú agus iomaíochas ina Thuarascáil Bhliantúil maidir le hIomaíochas an Mhargaidh Aonair.

(22) Tá bearta arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit de bhun an Mholta seo gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 CFAE.

(23) I gcás ina bhfuil Státchabhair i gceist le dreasachtaí cánach a thugtar isteach chun an Moladh seo a chur chun feidhme, déantar foráil le CSCTG maidir le tacar sonrach coinníollacha le go mbeadh an chabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ([9]). Go háirithe, féadfar creidmheasanna cánach a dheonú suas le huasteorainneacha áirithe, i gcomhréir le Roinn 6.1 de CSCTG, chun acmhainneacht mhonaraíochta teicneolaíochtaí glana a chur chun cinn. Thairis sin, féadfar Státchabhair i bhfoirm creidmheasanna cánach, i measc nithe eile, a dheonú chun tacú le dícharbónú tionsclaíoch, faoi na coinníollacha a leagtar amach i Roinn 5 de CSCTG.

(24) Thairis sin, nuair a dheonaítear Státchabhair trí dhímheas luathaithe nó solúbtha chun tacú leis an éileamh ar threalamh teicneolaíochta glan-nialasachta, leagtar amach i Roinn 6.3 de CSCTG na coinníollacha faoina measfar dreasachtaí cánach den sórt sin a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Foráiltear le Roinn 6.3 de CSCTG go háirithe nach mór na sócmhainní a bheith nua agus nach mór iad a úsáid go príomha le haghaidh ghníomhaíochtaí na dtairbhithe.

(25) I gcás nach dtagann Státchabhair i bhfoirm dreasachtaí cánach chun an Moladh seo a chur chun feidhme faoi raon feidhme CSCTG, féadfaidh na Ballstáit forais chomhoiriúnachta eile faoi Airteagal 107 CFAE a mheas freisin. Má chomhlíonann na dreasachtaí na ceanglais faoi Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún ([10]) (an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine), agus go háirithe Caibidil III, Roinn 7 de, tá siad díolmhaithe ón oibleagáid fógra a thabhairt. Féadfar fógra a thabhairt faoi bhearta eile faoi na Treoirlínte maidir le Státchabhair le haghaidh na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh ('CEEAG'). Molann an Coimisiún do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na féidearthachtaí atá ann cheana chun spriocanna coiteanna an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan a bhaint amach agus caithfidh sé le cásanna den sórt sin mar thosaíocht,

([8]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj).

([9]) Ní mór an Moladh a léamh i gcomhar le CSCTG chomh maith le haon leasú ar CSCTG a fhéadfar a ghlacadh sna blianta amach romhainn.

([10]) Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/651/oj). Thairis sin, leis an athbhreithniú atá le teacht ar an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine, déanfar a choinníollacha agus a riarachán a chuíchóiriú.

AG MOLADH AN MHÉID SEO A LEANAS:

1. **Prionsabail ghinearálta**

1.1. Leagtar amach sa Mholadh seo treoirphrionsabail choiteanna chun na Ballstáit a threorú agus dreasachtaí cánach á dtabhairt isteach agus á ndearadh acu chun rannchuidiú le cuspóirí an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan. Is é is aidhm dó tacú le hinfheistíocht ghlan, i.e. infheistíocht in acmhainneacht mhonaraíochta i dteicneolaíochtaí glana, san éileamh ar theicneolaíochtaí glana agus i ndícharbónú na tionsclaíochta, mar chuid de mheascán beartais níos leithne atá ag teacht chun cinn.

1.2. Tá forálacha an Mholta gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 de CFAE, agus don chreat Státchabhrach is infheidhme. Áirítear leis sin go háirithe an Creat um Státchabhair Thionsclaíoch Ghlan ('CSCTG'). Agus an Moladh seo á chur chun feidhme, agus a mhéid a bhaineann na bearta cánach le Státchabhair agus a mhéid a chumhdaítear an raon feidhme céanna leo agus a chumhdaítear le CSCTG, leagtar síos sna ranna ábhartha de CSCTG na coinníollacha le go mbeadh an chabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ([11]) ar bhonn Airteagal 107(3), pointe (c) den Chonradh. Moltar do na Ballstáit cineál sealadach CSCTG a chur san áireamh i gcás inarb infheidhme.

1.3. Agus dreasachtaí cánach á dtabhairt isteach acu atá dírithe ar rannchuidiú le cuspóirí an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan a bhaint amach, moltar go láidir do na Ballstáit dreasachtaí den sórt sin a dhearadh agus aird chuí á tabhairt ar na príomhphrionsabail is bun le húsáid bhreithiúnach chostéifeachtach dreasachtaí cánach laistigh de chóras cánach fónta éifeachtúil.

1.4. Tá raon feidhme, cineál agus dearadh na ndreasachtaí cánach a mholtar leis an Moladh seo faoi bhun an phrionsabail gur cheart dreasachtaí cánach a bheith costéifeachtach, spriocdhírithe go maith, simplí lena dtuiscint agus lena n-úsáid ag cuideachtaí agus riaracháin agus neamhbhainteach le hinfheistíochtaí i mbonneagar breoslaí iontaise agus/nó innealra a ídíonn breoslaí iontaise, agus ba cheart tacaíocht áirithe thráthúil a sholáthar leo do chuideachtaí a dhéanann cinntí maidir le hinfheistíocht ghlan. Moltar dreasachtaí cánach ar infheistíocht ghlan a dhearadh ar bhealach a gciallaíonn go mbainfidh cuideachtaí a dhéanann cinntí infheistíochta tairbhe iomlán as dreasacht atá i bhfeidhm i mBallstát go réasúnta tapa. Ar an mbonn sin, moltar sa Mholadh dímheas cánach brostaithe a úsáid, suas le cur leis na costais láithreach, agus rialacha maidir le caillteanas a thabhairt ar aghaidh le haghaidh infheistíochtaí glana. Moltar ann freisin, i gcás inarb indéanta laistigh de chóras cánach náisiúnta, go bhféachfadh na Ballstáit le creidmheasanna cánach a dhéanamh in-aisíoctha agus/nó lena bhfritháireamh in aghaidh réimse níos leithne cánacha ná cáin chorparáide.

1.5. Moltar go láidir do na Ballstáit freisin tabhairt isteach dreasachtaí cánach a rannchuidíonn le cuspóirí an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan a phéireáil le gníomhaíochtaí breise chun fóirdheontais breosla iontaise a laghdú agus deireadh a chur leo de réir a chéile.

2. **Creidmheasanna cánach chun acmhainneacht mhonaraíochta leordhóthanach a áirithiú i dteicneolaíochtaí glana agus le haghaidh dícharbónú tionsclaíoch**

2.1. Moltar do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le faoiseamh cánach i bhfoirm creidmheas cánach le haghaidh tionscadail infheistíochta lena gcruthaítear acmhainneacht mhonaraíochta bhreise le haghaidh táirgí deiridh, príomh-chomhpháirteanna sonracha agus amhábhair chriticiúla, dá dtagraítear i Roinn 6,1 de CSCTG.

2.2. Agus Státchabhair i bhfoirm creidmheasanna cánach á deonú chun pointe 2.1 a chur chun feidhme, ní mór do na Ballstáit na coinníollacha comhoiriúnachta a leagtar amach i Roinn 6.1 de CSCTG a chomhlíonadh. Go háirithe, ceanglaítear leis nach sáróidh an méid cabhrach EUR 150 milliún in aghaidh an tionscadail agus uasteorainn cabhrach 15 % de na costais incháilithe, i gcás ina ndéantar an tionscadal infheistíochta lasmuigh de limistéir fóirithinte, nó EUR 200 milliún nó EUR 350 milliún in aghaidh an tionscadail, agus uasteorainn cabhrach 20 % nó 35 % de na costais incháilithe i gcás ina ndéantar an tionscadal infheistíochta i limistéir fóirithinte shonracha áirithe. Ceadaítear le CSCTG freisin cur leis an déine cabhrach nuair a thugann fiontair bheaga agus mheánmhéide faoi na tionscadail.

([11]) Ní féidir baint a bheith ag an gcabhair le laghdú cánacha ná tobhach lena léirítear na costais fhíor-riachtanacha a bhaineann le fuinneamh nó seirbhísí gaolmhara a sholáthar (muirir ghréasáin nó muirir lena maoinítear sásraí acmhainneachta, mar shampla).

2.3. Moltar do na Ballstáit freisin faoiseamh cánach a dhreasú agus foráil a dhéanamh maidir leis i bhfoirm creidmheas cánach le haghaidh infheistíochtaí lena laghdaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa nó lena gcuirtear feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh gníomhaíochtaí tionsclaíocha, go háirithe do chuideachtaí a chuireann chun feidhme agus a nochtann pleananna um aistriú corparáideach atá ailínithe leis an Dlí Aeráide Eorpach.

2.4. Agus Státchabhair i bhfoirm buntáistí cánach á deonú chun pointe 2.3 a chur chun feidhme, ní mór do na Ballstáit na coinníollacha comhoiriúnachta a leagtar amach i Roinn 5 de CSCTG a chomhlíonadh. Go háirithe, ceanglaítear leis nach mó an méid cabhrach ná EUR 200 milliún in aghaidh an tionscadail agus gur féidir an déine cabhrach a rangú ó 20 % go 60 % ag brath ar an gcineál infheistíochta. Déantar foráil leis freisin gur féidir cur leis an déine cabhrach nuair a thugann fiontair bheaga agus mheánmhéide faoi na tionscadail ([12]).

2.5. Bíonn an creidmheas cánach a chomhfhreagraíonn do na costais incháilithe a thabhaítear i mbliain chánach le hasbhaint go príomha ón gcáin chorparáide atá dlite den cháiníocóir. Mura n-ídeofar an creidmheas cánach sa bhliain chánach ábhartha, moltar do na Ballstáit tabhairt ar aghaidh mhéid an chreidmheasa cánach gan íoc a cheadú ar feadh 4 bliana. I gcás ina bhfuil sé indéanta laistigh dá gcóras náisiúnta, d'fhéadfadh na Ballstáit ligean do cháiníocóirí creidmheasanna cánach a fritháireamh freisin in aghaidh cánacha náisiúnta eile atá dlite.

2.6. Má chuirtear an tabhairt ar aghaidh i bhfeidhm agus mura bhfuil an creidmheas cánach ídithe fós laistigh de 4 bliana, moltar do na Ballstáit an méid gan íoc a aisíoc leis an gcáiníocóir ag an bpointe sin. I gcás inarb infheidhme, ní mór le haisíocaíocht den sórt sin na forálacha maidir le creidmheasanna cánach in-aisíoctha cáilithe a leagtar amach i dTreoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle ([13]) a urramú.

3. Creidmheasanna cánach feabhsaithe le haghaidh tionscadail infheistíochta a rannchuidíonn leis an athléimneacht

3.1. Gan dochar do na coinníollacha comhoiriúnachta a leagtar amach i Roinn 6,1 de CSCTG, agus creidmheasanna cánach á ndearadh le haghaidh tionscadail infheistíochta dá dtagraítear i bpointe 2.1, moltar do na Ballstáit cuspóirí beartais athléimneachta a chur san áireamh, fad atá cuimsiú den sórt sin i gcomhréir le dlí an Aontais agus le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais. D'fhéadfadh sé sin a bheith i bhfoirm creidmheasanna cánach níos airde. Chun na críche sin, moltar do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar na dálaí deartha seo a leanas:

(a) táirgeadh táirge deiridh glan-nialasachta nó príomh-chomhpháirt shonrach glan-nialasachta le hardleibhéal spleáchais faoi láthair ar thríú tír aonair a bheith mar thoradh ar an tionscadal infheistíochta, i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme agus leis an bhfaisnéis arna tabhairt cothrom le dáta a foilsíodh i gcomhréir le hAirteagal 29(2) de Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]);

(b) an tionscadal infheistíochta a bheith aitheanta mar thionscadal straitéiseach i gcomhréir le hAirteagail 13 agus 14 de Rialachán (AE) 2024/1735;

(c) an tionscadal infheistíochta a bheith suite i limistéar arna ainmniú ag na Ballstáit mar ghleann luathaithe teicneolaíochta glan-nialasachta i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1735;

(d) measúnú dearfach a bheith déanta ar an tionscadal infheistíochta faoin gCiste don Nuálaíocht agus 'Séala Ceannasachta' a bheith bronnta air dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]); nó

([12]) Pointí (154) agus (155) CSCTG.

([13]) Treoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórscála intíre san Aontas (IO L 328, 22.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2523/oj).

([14]) Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (IO L, 2024/1735, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1735/oj).

([15]) Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

(e) An tionscadal infheistíochta a bheith aitheanta mar thionscadal straitéiseach i gcomhréir le hAirteagail 6 agus 7 de Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]).

4. **Dímheas luathaithe chun críoch cánach chun tacú leis an éileamh ar threalamh teicneolaíochta glaine, suas le cur leis na costais iomlán láithreach**

4.1. Moltar do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le faoiseamh chun críoch cánachais i bhfoirm dímheas luathaithe, suas go dtí dáileadh iomlán láithreach, ó chostais arna dtabhú i dtréimhse chánach chun trealamh teicneolaíochta glaine a fháil nó a léasú, mar a shainítear faoi phointe (182) i Roinn 6.3 de CSCTG.

4.2. Agus pointe 4.1 á chur chun feidhme, moltar do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do dhímheas iomlán láithreach na gcostas sin nó don ráta dímheasa is airde a cheadaítear faoi na rialacha náisiúnta cánachais. I gcás nach gceadaítear cur leis na costais iomlán láithreach, moltar do na Ballstáit a cheadú gur féidir méid atá cothrom le 30 % ar a laghad de na costais incháilithe a chur leis na costais i mbliain na héadála.

4.3. Agus Státchabhair i bhfoirm dímheas luathaithe á deonú chun pointí 4.1 agus 4.2 a chur chun feidhme, ní mór do na Ballstáit na coinníollacha comhoiriúnachta a leagtar amach i Roinn 6.3 de CSCTG a chomhlíonadh. Ciallaíonn sé sin, go háirithe, nach mór na sócmhainní a bheith nua agus nach mór iad a úsáid go príomha le haghaidh ghníomhaíochtaí na dtairbhithe. Bunaítear leis freisin nach gá aon choibhéis deontais chomhláin a ríomh agus gur féidir an dímheas luathaithe a sholáthar sa bhreis ar aon Státchabhair eile, nó tacaíocht ó chistí de chuid an Aontais a bhainistítear go lárnach, i ndáil leis na costais incháilithe chéanna. Níor cheart feidhm a bheith ag cur leis na costais láithreach i gcás sócmhainní is féidir a dhímheas le linn tréimhse níos faide ná 15 bliana ([17]).

4.4. Moltar do na Ballstáit freisin solúbthacht a dheonú do cháiníocóirí atá incháilithe le haghaidh dímheas luathaithe, rud a ligfidh dóibh cinneadh a dhéanamh maidir leis an sceideal dímheasa a mbeidh feidhm aige maidir le méid iomlán na sócmhainní sin is féidir a dhímheas. D'fhéadfadh cáiníocóirí a roghnú ansin na rialacha caighdeánacha maidir le dímheas a chur i bhfeidhm, dímheas luathaithe a chur i bhfeidhm ar mhéid iomlán na sócmhainní sin is féidir a dhímheas, nó gan ach dímheas luathaithe a chur i bhfeidhm ar chodán den mhéid sin ('dímheas lánroghnach').

4.5. Gan dochar do chur i bhfeidhm na rialacha maidir le Státchabhair, d'fhéadfadh na Ballstáit breithniú a dhéanamh freisin ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha le haghaidh flíteanna corparáideacha ([18]) a dhéanamh incháilithe do dhímheas luathaithe. I gcás ina bhfuil baint ag Státchabhair le bearta den sórt sin, déantar foráil i Rialachán (AE) Uimh. 651/2014, agus go háirithe Caibidil III, Roinn 7, de, maidir le coinníollacha agus tairseacha chun an chabhair a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus le bheith díolmhaithe ón gceanglas fógra atá in Airteagal 108(3) CFAE.

5. **Dímheas luathaithe feabhsaithe chun trealamh teicneolaíochta glaine a fháil a chuireann leis an athléimneacht**

5.1. Agus aird chuí á tabhairt ar na coinníollacha comhoiriúnachta is infheidhme a leagtar amach in CSCTG nó sa Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine, moltar do na Ballstáit an cineál dímheasa luathaithe is flaithiúla a sholáthar le haghaidh na gcostas éadála nó léasa dá dtagraítear i bpointí 4.1 agus 4.5, agus a rannchuidíonn leis an athléimneacht, ar choinníoll go bhfuil an chóireáil sin i gcomhréir le dlí an Aontais agus le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais.

([16]) Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 (IO L, 2024/1252, 3.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1252/oj).

([17]) Pointe (181) CSCTG, fonóta 103.

([18]) COM (2025) 96 final. Níl aon sainmhíniú i reachtaíocht an Aontais faoi láthair ar a bhfuil i gceist le flít corparáideach. Chun críoch na Teachtaireachta seo, meastar gur feithiclí corparáideacha iad na feithiclí uile atá cláraithe ag eintiteas dlíthiúil (seachas duine fisiceach). Cé is moite d'otharcharranna, trucailí dóiteáin, etc., inter alia.

5.2. Agus an pointe sin á chur chun feidhme, d'fhonn a áirithiú go rannchuideoidh na táirgí deiridh glan-nialasachta sonracha a dtacaítear leo leis an athléimneacht, moltar do na Ballstáit inspioráid a fháil ón reachtaíocht thánaisteach a glacadh ar bhonn Airteagal 29(2) de Rialachán (AE) 2024/1735.

6. **Cur Chun Feidhme agus Tuairisciú**

6.1. Iarrtar ar na Ballstáit na dreasachtaí cánach a leagtar amach sa Mholadh seo a chur i bhfeidhm. Mar chéad chéim, iarrtar ar na Ballstáit an Coimisiún Eorpach a chur ar an eolas faoin 31 Nollaig 2025 faoi na bearta a tugadh isteach nó a fógraíodh chun an Moladh seo a chur chun feidhme, chomh maith le haon bheart comhchosúil atá i bhfeidhm cheana, agus athruithe orthu. Na *fóraim* atá ann cheana, go háirithe an Grúpa Saineolaithe um Struchtúir na gCóras Cánachais, agus na huirlisí tuairiscithe atá ann cheana, go háirithe ceistneoir comhpháirteach CE-ECFE maidir le hathchóirithe cánach, déanfar iad a mheas freisin chun tuairisciú agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta seo.

6.2. Moltar do na Ballstáit meastóireacht rialta a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart atá déanta acu chun an Moladh seo a chur chun feidhme agus dea-chleachtais a mhalartú trí úsáid a bhaint as fóram de chuid an Aontais atá ann cheana.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Wopke HOEKSTRA
Comhalta den Choimisiún